**Cáin Mhaoine Áitiúil**

**Comhairliúchán Poiblí maidir le Fachtóir Áitiúil an Choigeartaithe a Shocrú don bhliain 2025**

**Ceisteanna Coitianta**

**Cad is an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) ann?**

Is cáin í an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) atá iníoctha ar luach margaidh na maoine cónaithe.

**Cad is maoin chónaithe ann chun críocha an CMÁ?**

Ciallaíonn maoin chónaithe, sa chomhthéacs seo, aon fhoirgneamh nó aon struchtúr (nó cuid d'fhoirgneamh) a úsáidtear mar theaghais, nó atá oiriúnach lena úsáid mar theaghais, agus cuimsíonn sí aon seid, aon seachtheach, aon gharáiste nó aon fhoirgneamh nó struchtúr eile agus cuimsíonn sí aon tailte de suas le acra amháin. Ní bhaineann an CMÁ le suíomhanna forbartha ná le talamh feirme.

**Cathain a tháinig an CMÁ i bhfeidhm?**

Tháinig an muirear i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2013. Bhí íocaíocht leathbhliana dlite sa bhliain 2013, agus íocaíocht bliana iomlán dlite ón mbliain 2014 ar aghaidh.

**Cé hé atá freagrach as an gcáin a bhailiú?**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an CMÁ. Tá raon modhanna na híocaíochta curtha ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcáin á íoc. Tá tuilleadh eolais faoin gCáin Mhaoine Áitiúil le feiceáil ar a suíomh Gréasáin ag http://www.revenue.ie/en/tax/lpt/

**Cé hiad atá faoi dhliteanas an CMÁ a íoc?**

Tá gach úinéir maoine cónaithe, lena n-áirítear réadmhaoin ar cíos, faoi dhliteanas an cháin a íoc. Tá na grúpaí seo a leanas faoi dhliteanas an CMÁ chomh maith:

- Éinne a bhfuil léas fadtéarmach aige (20 bliain nó níos faide)
- Éinne a bhfuil leas saoil nó ceart cónaithe fadtéarmach aige (fadsaoil nó níos faide ná 20 bliain) i réadmhaoin chónaithe
- Údaráis áitiúla nó eagraíochtaí tithíochta sóisialta
- Éinne a ghníomhaíonn mar ionadaí pearsanta d'úinéir éagtha (m.sh. mar sheiceadóir/riarthóir eastáit). Tá iontaobhaithe nó tairbhithe faoi dhliteanas i gcomhpháirt i gcás ina sealbhaítear maoin chónaithe ar iontaobhas.

**Conas a dhéantar do mhaoin a luacháil?**

Tá an cháin bunaithe ar *luach inmhuirir* na maoine cónaithe ar dháta na luachála. Sainmhínítear an luach inmhuirir mar an luach margaidh a bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go bhfaighfí an réadmhaoin le díol ar an margadh oscailte ar dháta na luachála.

B'é dáta na luachála i leith an CMÁ ná 1 Samhain 2021. Beidh feidhm ag luacháil do mhaoine ar an dáta seo don tréimhse ceithre bhliain ó 2022 go 2025.

**Conas a dhéantar measúnú ar mhuirear an CMÁ?**

Gearrtar an Cháin Mhaoine Áitiúil de réir an bhanda luachála a bhaineann leis an réadmhaoin. Tá bunráta comhfhreagrach an CMÁ ag gach banda don tréimhse luachála ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025.

Ríomhtar an muirear CMÁ do réadmhaoine a bhfuil luach margaidh os cionn €1.75 milliún acu ar bhonn luacháil na maoine féin seachas ar bhonn bhanda luachála.

**Cad is Fachtóir Áitiúil an Coigeartaithe ann?**

Is féidir leis na Baill Tofa cinneadh a dhéanamh bunráta na Cánach Maoine Áitiúil a athrú nó gan athrú laistigh dá limistéar riaracháin féin faoi uasmhéid 15% ar an mbunráta. Beidh an coigeartú seo i bhfeidhm ón gcéad dáta dliteanais na Cánach Maoine Áitiúil eile (an 1 Samhain). Ciallaíonn seo gur féidir le Comhairle Contae Fhine Gall ráta na Cánach Maoine Áitiúil a mhéadú nó a laghdú suas le 15% nó áé a fhágáil gan athrú. Tugtar Fachtóir Áitiúil an Choigeartaithe ar choigeartú an bhunráta.

**An féidir le húdaráis áitiúla cinneadh ar choigeartú áitiúil a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin?**

Is féidir. Ligenn na Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) 2022 d'Fhachtóir Áitiúil an Choigeartaithe a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin.

**Cad a chiallaíonn a leithéid don ghnáth-theaghlach?**

Léiríonn an tábla thíos ráta na Cánach Maoine Áitiúil le haghaidh réadmhaoine a thagann laistigh de na bandaí luachála éagsúla tar éis laghdú nó méadú 15% ar an mbunráta a bhaineann le banda luachála an CMÁ:

| Uimhir an bhanna luachála | Banna luachála € | Muirear bunráta an CMÁ € | -15% | 15% |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 0 – 200,000 | 90 | €76.50 | €103.50 |
| 2 | 200,001 – 262,500 | 225 | €191.25 | €258.75 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 262,501 – 350,000 | 315 | €267.75 | €362.25 |
| 4 | 350,001 – 437,500 | 405 | €344.25 | €465.75 |
| 5 | 437,501 – 525,000 | 495 | €420.75 | €569.25 |
| 6 | 525,001 – 612,500 | 585 | €497.25 | €672.75 |
| 7 | 612,501 – 700,000 | 675 | €573.75 | €776.25 |
| 8 | 700,001 – 787,500 | 765 | €650.25 | €879.75 |
| 9 | 787,501 – 875,000 | 855 | €726.75 | €983.25 |
| 10 | 875,001 – 962,500 | 945 | €803.25 | €1,086.75 |
| 11 | 962,501 – 1,050,000 | 1,035 | €879.75 | €1,190.25 |

Ríomhtar an muirear CMÁ ar réadmhaoin a bhfuil luach margaidh os cionn €1.75 milliún aige mar shuim 0.1029% an chéad €1.05 milliún den luach margaidh fógartha agus 0.25% an chuid den luach margaidh dearbhaithe idir €1.05 milliún agus € 1.75 milliún agus 0.3% an chuid den luach margaidh fógartha os cionn €1.75 milliún.

**An dtugtar an laghdú 7.5% a cuireadh i bhfeidhm sna blianta 2023 agus 2024 ar aghaidh go dtí an bhliain 2025??**

Tháinig an laghdú 7.5% ar bhunráta an CMÁ i bhfeidhm don tréimhse an 1 Samhain 2022 (an dáta dliteanais) go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024. Téann an ráta ar ais go dtí an bunráta ar an 1 Samhain 2024, sé sin, an ráta réamhchoigeartaithe, agus caithfidh na Comhaltaí Tofa a mheas anois an laghdófar an bunráta, an bhfágfar gan athrú é nó a méadófar é maidir leis an mbliain 2025.

**Cén éifeacht a bheidh ag coigeartú na Cánach Mhaoine Áitiúil ar sheirbhísí na Comhairle?**

Má laghdaítear an ráta agus muna bhfuil aon mhaoiniú ar fáil chun an laghdú sin a athsholáthar, cuirfidh leibhéal laghdaithe an ioncaim atá ar fáil don Chomhairle teorainn le raon agus le méid na seirbhísí agus na dtacaíochtaí is féidir a chur ar fáil sa bhliain 2025.

Má ardaítear an ráta, ardóidh leibhéal méadaithe an ioncaim ar fáil don Chomhairle an cumas aici a cuid sheirbhísí agus a cuid thacaíochtaí a sheachadadh sa bhliain 2025.

**An bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil faoi airgeadas na Comhairle?**

Tá. Tá an fhaisnéis le feiceáil ar ár suíomh Gréasáin maidir leis na Buiséid Bliantúla agus le cuntais dheireadh na bliana.

**Is féidir Buiséad Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain 2024 a fheiceáil ar ár suíomh Gréasáin ag** Fingal County Council Budget Book 2024

**Is féidir Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall a fheiceáil ar ár suíomh Gréasáin ag** unaudited-afs-2023.pdf (fingal.ie)

**Cathain a dhéanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall cinneadh maidir le ráta na Cánach Maoine Áitiúil a athrú?**

Déanfar an cinneadh seo ag cruinniú na Comhairle a thionólfar i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2024.

**An bhfuil aon ionchur agamsa sa phróiseas?**

Tá. Faoi Alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012, ceanglaítear ar gach Údarás Áitiúil próiseas comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh chun tuairimí agus trácht a fháil ón bpobal.

Mar chuid den phróiseas seo, ba mhaith le Comhairle Contae Fhine Gall do chuid thuairimí agus aon trácht agat a fháil i leith aon mholadh ar ráta na Cánach Maoine Áitiúil a athrú. Ba mhaith linn do chuid thuairimí a fháil ar an tionchar a d'fhéadfadh athrú ar bhunráta na Cánach Maoine Áitiúil a imirt ar theaghlaigh, ar dhaoine ar leith, ar ghnólactaí agus ar sheirbhísí na Comhairle.

**Sí tréimhse na n-aighneachtaí ná Dé Máirt an 1 Iúil 2024 go dtí 12 meán lae Dé Céadaoin an 31 Iúil 2024.**

**Ní mór gach aighneacht a fháil faoi 12 meán lae Dé Céadaoin an 31 Iúil 2024 agus is féidir a leithéid a dhéanamh trí shuirbhé ar líne a chríochnú ag** https://consult.fingal.ie/en/surveys **, nó trí leagan den tsuirbhé seo a chríochnú agus a sheoladh trí rPhost i bhformáid PDF chuig** LPTConsultation@fingal.ie **nó trí chóip chrua den tsuirbhé a sheoladh chuig:**

**Comhairliúcháin CMÁ,**
**Comhairle Contae Fhine Gall,**
**Rannóg an Airgeadais,**
**Halla an Chontae,**
**Sord,**
**Co. Átha Cliath**
**K67X8Y2.**

**Cuirfear cóipeanna crua den tsuirbhé seo ar fáil ag Halla an Chontae i Sord agus ag na hOifigí Cathartha i mBaile Bhlainséir.**

**Cad a dhéanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall leis na haighneachtaí a gheofar?**

Breithneoidh Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Fhine Gall an t-aiseolas a gheofar ón gcomhairliúchán poiblí seo mar chuid den phróiseas cinnteoireachta acu. Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach achoimre scríofa ar na haighneachtaí a gheofar ar fáil i dtuarascáil do na Comhaltaí Tofa.

Agus cinneadh á dhéanamh acu ar aon athrú a dhéanamh ar an mbunráta, breithneoidh na Comhaltaí Tofa an méid seo a leanas:

- Ioncam agus Caiteachas Measta don Chomhairle don bhliain 2025
- Staid Airgeadais na Comhairle Contae Fhine Gall faoi láthair
- Éifeacht mheasta an airgeadais a bheidh ag an ráta athraitheach don bhliain 2025
- Aon aiseolas ón gComhairliúchán Poiblí

Caithfidh Comhairle Contae Fhine Gall aon cinneadh aici a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoin 15 Deireadh Fómhair 2024. Laistigh de 14 lá ó ritheann na Comhaltaí Tofa rún chun an Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú, ní mór fógra a chur ar shuíomh Gréasáin na Comhairle agus i nuachtán amháin atá á scaipeadh i limistéar riaracháin na Comhairle.